AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.11.2020
COM(2020) 706 final

2020/0316 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE i ndáil le leasú ar Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) a ghabhann le Comhaontú LEE

[32016R1719 - Treoirlíne maidir le leithdháileadh acmhainne fadtréimhseach “FCA”]

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Is é is aidhm don Dréachtchinneadh ó Chomhchoiste LEE (atá i gceangal leis an gCinneadh ón gComhairle atá beartaithe) Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú chun Rialachán (AE) 2016/1719 ón gCoimisiún an 26 Meán Fómhair 2016 lena mbunaítear treoirlíne maidir le leithdháileadh acmhainne fadtréimhseach[1] a ionchorprú i gComhaontú LEE.

Le cóid agus treoirlínte an ghréasáin leictreachais, rudaí a leagadh síos ar bhonn an 3ú Pacáiste Fuinnimh, leagtar amach rialacha teicniúla chun trádáil laistigh de mhargadh inmheánach leictreachais an Aontais Eorpaigh a éascú. Tá margadh fuinnimh inmheánach idirnasctha agus lánfheidhmiúil ríthábhachtach maidir leis na cuspóirí a bhaineann le slándáil an tsoláthair, le hiomaíochas a mhéadú agus lena áirithiú go bhféadfaidh gach tomhaltóir fuinneamh a cheannach ar phraghsanna inacmhainne. Bunaíodh idirnaisc leictreachais suntasacha idir an Iorua, mar Stát de chuid CSTE agus LEE, agus Ballstáit an Aontais Eorpaigh. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin go leathnaítear na rialacha teicniúla is infheidhme ar thrádáil laistigh de mhargadh inmheánach leictreachais an Aontais Eorpaigh chun LEE a chumhdach chun aonchineálacht dhlíthiúil mar bhonn le trádáil leictreachais a áirithiú.

Le Rialachán (AE) 2016/1719 ón gCoimisiún leagtar síos rialacha maidir le leithdháileadh acmhainneachta thar chriosanna tairisceana i réamh-mhargaí. Leis an Rialachán sin bunaítear modheolaíocht choiteann chun acmhainneacht fhadtéarmach thar chriosanna tairisceana a chinneadh agus bunaítear ardán aonair ar leibhéal na hEorpa chun cearta a thairiscint maidir le tarchur leictreachais mar aon leis an deis na cearta sin a thabhairt ar ais agus iad a aistriú idir rannpháirtithe sa mhargadh. Tá feidhm aige maidir le gach oibreoir córais tarchurtha, cé is moite díobh siúd atá ar oileáin nach bhfuil nasctha le córas eile.

Leis na hoiriúnaithe atá le fáil sa dréacht den Chinneadh ó Chomhchoiste LEE atá i gceangal, téitear thar an méid ar féidir a mheas mar oiriúnuithe teicniúla de réir Rialachán Uimh. 2894/94 ón gComhairle. Is í an Chomhairle, dá bhrí sin, a bhunóidh seasamh an Aontais.

• Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Leis an Dréachtchinneadh ó Chomhchoiste LEE atá i gceangal, leathnaítear beartais de chuid an Aontais Eorpaigh chun na Stáit de chuid CSTE agus LEE (an Iorua, an Íoslainn agus Lichtinstéin) a chumhdach.

• Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais

Is i gcomhréir le cuspóirí agus prionsabail Chomhaontú LEE a dhéantar leathnú *acquis* an Aontais Eorpaigh chun Stáit CSTE LEE a chumhdach, tríd an *acquis* a ionchorprú i gComhaontú LEE, agus is é is aidhm dó sin Limistéar Eorpach Eacnamaíoch dinimiciúil aonchineálach a bhunú, atá bunaithe ar rialacha coiteanna agus ar choinníollacha comhionannais san iomaíocht.

[1] IO L 259, 27.9.2016, lch. 42.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an reachtaíocht atá le hionchorprú i gComhaontú LEE bunaithe ar Airteagal 194 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

In Airteagal 1(3) de Rialachán (CE) Uimh. 2894/94 ón gComhairle[2] a bhaineann le socruithe le haghaidh chur chun feidhme Chomhaontú LEE, foráiltear gurb í an Chomhairle a chinneann, ar thogra ón gCoimisiún, an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais maidir le Cinntí den chineál sin.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Comhlíonann an togra prionsabal na coimhdeachta ar an gcúis seo a leanas:

Is é is cuspóir don togra seo aonchineálacht an Mhargaidh Inmheánaigh a áirithiú agus ós rud é nach féidir leis na Ballstáit féin an cuspóir sin a ghnóthú go leordhóthanach, is fearr, de bharr na n-éifeachtaí, é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais.

- **Comhréireacht**

I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, ní théann an togra seo thar a bhfuil riachtanach chun a chuspóir a ghnóthú.

- **An rogha ionstraime**

I gcomhréir le hAirteagal 98 de Chomhaontú LEE, is é an cinneadh ó Chomhchoiste LEE an ionstraim a roghnaíodh. Áiritheoidh Comhchoiste LEE cur chun feidhme agus oibriú éifeachtach Chomhaontú LEE. Chuige sin, glacfaidh sé cinntí sna cásanna dá bhforáiltear i gComhaontú LEE.

3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níltear ag súil le haon impleachtaí buiséadacha de bharr ionchorprú an Rialacháin thuasluaite i gComhaontú LEE.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Oiriúnú (a) – níl feidhm acu i ndáil leis an Íoslainn agus le Lichtinstéin

[2] IO L 305, 30.11.1994, lch. 6-8

Toisc nach bhfuil córas tarchurtha na hÍoslainne nasctha le córais tarchurtha eile, níor cheart, dá bhrí sin, feidhm a bheith ag Rialachán (AE) 2016/1719 ón gCoimisiún maidir leis an Íoslainn.

Níor cheart feidhm a bheith ag Rialachán (AE) 2016/1719 ón gCoimisiún maidir le Lichtinstéin, óir de bharr a laghad agus líon teoranta na dtomhaltóirí leictreachais, níl gréasán tarchurtha leictreachais dá chuid féin ag Lichtinstéin.

Oiriúnú (b) agus aithris (6) – faisnéis íogair faoin gcóras leictreachais

I Rialachán (AE) 2016/1719 ón gCoimisiún, tá forálacha lena leagtar amach oibleagáidí chun faisnéis a chur ar fáil do Líonra Eorpach d'Oibreoirí Córais Tarchurtha Leictreachais (ENTSO-E) agus don Ghníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER). Is féidir le hOibreoirí Córais Tarchurtha agus Rialtóirí faoi seach faisnéis den sórt sin a mhalartú agus an fhaisnéis sin a chosaint a bhuí le hOiriúnú (b).

Oiriúnú (c) agus aithris (7) – tagairt do chearta rannpháirtíochta Oibreoirí Córais Tarchurtha na hIorua, Oibreoir Ainmnithe Margaidh Leictreachais agus an tÚdarás Rialála Náisiúnta ó thaobh téarmaí, coinníollacha agus modheolaíochtaí a fhorbairt agus iad a fhormheas

Leis an oiriúnú agus an aithris dá dtagraítear thuas, déantar oiriúnú ar fhorálacha ábhartha d'Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2016/1719 ón gCoimisiún maidir le cearta rannpháirtíochta eintiteas ábhartha i bhforbairt agus i bhformheas téarmaí, coinníollacha agus modheolaíochtaí chun an Iorua a chur san áireamh.

2020/0316 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE i ndáil le leasú ar Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) a ghabhann le Comhaontú LEE

[32016R1719 - Treoirlíne maidir le leithdháileadh acmhainne fadtréimhseach "FCA"]

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 194 i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don Rialachán ón gComhairle (CE) Uimh. 2894/94 an 28 Samhain 1994 a bhaineann le socruithe le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[3], agus go háirithe Airteagal 1(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[4] ('Comhaontú LEE') i bhfeidhm an 1 Eanáir 1994.

(2) De bhun Airteagal 98 de Chomhaontú LEE, féadfaidh Comhchoiste LEE a chinneadh Iarscríbhinn IV a ghabhann le Comhaontú LEE, inter alia, a leasú.

(3) Tá Rialachán (AE) 2016/1719 ón gCoimisiún an 26 Meán Fómhair 2016 lena mbunaítear treoirlíne maidir le leithdháileadh acmhainne fadtréimhseach[5] le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(4) Ba cheart Iarscríbhinn IV a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, seasamh an Aontais laistigh de Chomhchoiste LEE a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh atá i gceangal,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, laistigh de Chomhchoiste LEE i ndáil leis an leasú atá beartaithe ar Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) a ghabhann le Comhaontú LEE, bunófar an seasamh sin ar na dréachtchinntí ó Chomhchoiste LEE atá ceangailte leis an gCinneadh seo.

---

3 IO L 305, 30.11.1994, lch. 6.
4 IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.
5 IO L 259, 27.9.2016, lch. 42.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán